Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Feabhra 2026
(OR. en)

6300/26

COH 26

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 16432/25 + ADD 1 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le Clár Oibre AE le haghaidh na gCathracha<br>– *Formheas* |

1. An 3 Nollaig 2025, fuair Ardrúnaíocht na Comhairle an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Clár Oibre AE le haghaidh na gCathracha: an Fás agus an Rathúnas a Spreagadh'.

2. Chuir an Coimisiún an Teachtaireacht i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí an 8 Eanáir 2026.

3. Scrúdaíodh na dréachtchonclúidí ón Uachtaránacht ag cruinnithe na Meithle um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí an 20 Eanáir 2026, an 3 Eanáir 2022 agus an 13 Feabhra 2026. Chomhaontaigh na toscaireachtaí i bprionsabal na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na conclúidí seo ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad, a fhormheas.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**DRÉACHTCHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle,**
**chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún**
**'Clár Oibre AE le haghaidh na gCathracha: an Fás agus an Rathúnas a Spreagadh'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Teachtaireacht 2025 dar teideal 'Clár Oibre AE le haghaidh na gCathracha: an Fás agus an Rathúnas a Spreagadh,' lena gcuirtear creat straitéiseach ar fáil chun an ghné chríochach agus uirbeach de bheartais an Aontais a neartú, lena n-aithnítear cathracha mar phríomhghníomhaithe chun tosaíochtaí, iomaíochas agus cuspóirí comhtháthaithe an Aontais a bhaint amach. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá leanúnachas an Chláir Oibre Uirbigh don Aontas, trí fhorbairt uirbeach áitbhunaithe chomhtháite, faoi chuimsiú struchtúr rialachais il-leibhéil de chuid an Aontais agus AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar thuairimí na gcathracha maidir le beartais ábhartha an Aontais, náisiúnta agus fhonáisiúnta a cheapadh agus a chur chun feidhme, agus éagsúlacht na gcóras rialachais uirbigh á cur san áireamh agus inniúlacht na mBallstát á hurramú ag an am céanna;

2. AITHNÍONN SÍ go bhfuil thart ar 75 % de dhaonra an Aontais ina gcónaí i gcathracha agus i gceantair uirbeacha, a bhfuil dúshláin shuntasacha rompu, lena n-áirítear ganntanas tithíochta, eisiamh sóisialta agus baol bochtaineachta, costais arda fuinnimh, ábhair imní slándála, dúshláin dhéimeagrafacha agus soghluaisteachta agus tionchar agus maolú an athraithe aeráide, an truaillithe agus dhíghrádú an chomhshaoil;

3. AITHNÍONN SÍ go gcuireann na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha thart ar 70 % de reachtaíocht an Aontais chun feidhme, rud a fhágann gur gníomhaithe bunriachtanacha iad chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach agus chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú;

**Cathracha agus Beartais an Aontais**

4. IS MÓR AICI an ról atá ag cathracha de gach méid mar rannchuiditheoirí tábhachtacha le hiomaíochas, nuálaíocht agus forbairt inbhuanaithe an Aontais, go háirithe trína gcumas tallann a mhealladh, fiontraíocht a chothú agus tacú le slabhraí luacha agus infheistíochtaí straitéiseacha, agus seirbhísí poiblí leasa ghinearálta a sholáthar;

5. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil ról ríthábhachtach ag cathracha, mar aon lena limistéir uirbeacha fheidhmiúla ó thaobh cuimsiú sóisialta, nuálaíocht, comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn, trí fhreagairtí áitiúla comhtháite a éascú i réimsí amhail tithíocht, oidhreacht chultúrtha agus turasóireacht, fiontraíocht agus fostaíocht, bochtaineacht a chomhrac, oideachas agus rochtain ar sheirbhísí a áirithiú, agus ar an gcaoi sin, rannchuidítear le neamhionannas a laghdú agus fás cuimsitheach a chur chun cinn;

6. AITHNÍONN SÍ ról na gcathracha maidir le spásanna poiblí sábháilte, cosaint shibhialta agus leanúnachas seirbhíse a áirithiú, de réir a n-inniúlachta féin, athléimneacht na sochaí a neartú agus rannchuidiú le bréagaisnéis agus bagairtí hibrideacha a chosc. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hathléimneacht in aghaidh rioscaí comhshaoil, sóisialta agus slándála agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a chomhtháthú sa phleanáil uirbeach trí dhearadh cliste cuimsitheach lena n-áirítear straitéisí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór infheistíocht a dhéanamh in ullmhacht cathracha chun tionchar na suaití comhshaoil agus na mbagairtí slándála a tharla le déanaí agus a bheidh ann amach anseo a chosc agus a mhaolú;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne a glacadh le déanaí, ina n-aithnítear, i measc nithe eile, an brú ar leith a chuireann an ghéarchéim tithíochta ar chathracha agus ina leagtar amach réimsí gníomhaíochta agus tionscnaimh de chuid an Aontais lena dtreiseofar a rannpháirtíocht agus a ról. MOLANN SÍ iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun feabhas a chur ar an rochtain ar thithíocht inacmhainne, inbhuanaithe agus chuimsitheach, agus inniúlacht na mBallstát á hurramú ag an am céanna, chomh maith le dlúthchomhar eatarthu a bheith á chur chun cinn;

8. AITHNÍONN SÍ gur príomh-rannchuiditheoirí iad cathracha agus limistéir uirbeacha leis an dícharbónú, leis an oiriúnú don athrú aeráide, le cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta, agus leis an aistriú chuig fuinneamh glan, lena n-áirítear trí bhearta maolaithe astaíochtaí a thabhairt isteach. AITHNÍONN SÍ go bhfuil ról lárnach ag cathracha de gach méid maidir le soghluaisteacht uirbeach a fheabhsú trí chórais iompair ilmhódacha atá inbhuanaithe, inrochtana, glan agus éifeachtúil a chothú;

9. AITHNÍONN SÍ acmhainneacht thionscnamh Bauhaus Eorpach Nua lena dtacaítear le cleachtais inbhuanaithe ón mbun aníos sa timpeallacht thógtha, chomh maith le méadú ar réitigh nuálacha a bhfuil tionchar dearfach acu ar cháilíocht saoil shaoránaigh na hEorpa;

10. AITHNÍONN SÍ ról méadaitheach na gcathracha sa chomhar idirnáisiúnta agus sa taidhleoireacht uirbeach, chomh maith lena rannchuidiú le cur chun feidhme gníomhach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ó Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus ó Chlár Oibre Uirbeach Nua na Náisiún Aontaithe;

11. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé dul i gcomhairle le cathracha, i gcás inarb ábhartha, le linn phróiseas reachtach an Aontais ag céim luath, agus rialachas agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú, agus é mar aidhm rialáil níos fearr a chur chun cinn agus brú cur chun feidhme a laghdú trí rialacha agus rialacháin an Aontais a ailíniú ar bhealach níos fearr le dálaí uirbeacha, gan an t-ualach riaracháin ar chathracha ná ar na Ballstáit a mhéadú;

**Cathracha agus Tacaíocht ón Aontas**

12. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur rannchuidigh an beartas comhtháthaithe le gné uirbeach an Aontais a neartú, agus níos mó ná EUR 24 bhilliún ó CFRE tiomnaithe don fhorbairt uirbeach inbhuanaithe in 2021-2027 agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá tacaíocht do chathracha i bhfianaise na ndúshlán méadaitheach atá rompu. LEAGANN SÍ BÉIM ar an mbreisluach a bhaineann leis an Tionscnamh Uirbeach Eorpach agus le URBACT mar ionstraimí tábhachtacha agus comhlántacha lena gcuirtear tacaíocht dhíreach ar fáil don fhorbairt uirbeach;

13. LEAGANN SÍ BÉIM ar na deiseanna a chuirtear ar fáil do chathracha leis an athbhreithniú meántéarma ar an mbeartas comhtháthaithe, lena n-áirítear solúbthachtaí chun aghaidh a thabhairt ar thithíocht shóisialta, inacmhainne agus inbhuanaithe, ar an aistriú fuinnimh, athléimneacht uisce, iomaíochas, cosaint agus forbairt scileanna, lena n-áirítear trí aistrithe CFRE chuig IOE agus Séala Barr Feabhais IOE;

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta freisin le téarnamh agus athléimneacht cathracha, go háirithe san aistriú glas agus san aistriú digiteach, agus le seirbhísí poiblí agus tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar freisin;

15. AITHNÍONN SÍ ról an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta maidir le seirbhísí maoiniúcháin agus comhairleacha a chur ar fáil d'iompar uirbeach inbhuanaithe, do thithíocht shóisialta, inacmhainne agus inbhuanaithe, do dhícharbónú, don éifeachtúlacht fuinnimh, don gheilleagar ciorclach agus d'fhorbairt bonneagair ghlais, lena n-áirítear trí chistiú AE, náisiúnta agus príobháideach a chumasc;

**An Bealach Chun Tosaigh**

16. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le comhordú, simpliú, digitiú agus fothú acmhainneachta feabhsaithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun cumais rialachais uirbigh agus infheistíochta a neartú, agus AITHNÍONN SÍ go bhfuil srianta díréireacha riaracháin agus airgeadais ar go leor cathracha, go háirithe cathracha meánmhéide agus beaga, a chuireann teorainn leis an rochtain atá acu ar chistiú ón Aontas;

17. LEAGANN SÍ BÉIM ar an luach a bhaineann le comhpháirtíochtaí leis an tsochaí shibhialta agus leis an earnáil phríobháideach agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé tosaíochtaí uirbeacha a leabú ar fud ionstraimí ábhartha an Aontais chun forbairt chomhtháite, chuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn;

18. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint den ghné chríochach agus uirbeach de bheartais ábhartha an Aontais a neartú, ag tógáil ar an gClár Oibre Uirbeach don Aontas agus ar Chlár Oibre Críochach 2030. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhlántacht agus cómhaireachtáil Chlár Oibre an Aontais le haghaidh na gCathracha agus an Chláir Oibre Uirbigh don Aontas a bhunú agus tacú leo go soiléir in idirphlé leanúnach leis na Ballstáit lena n-áirítear ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil na cathrach, agus comhleanúnachas á áirithiú agus dúbláil, forluí agus struchtúir chomhthreomhara á seachaint ag an am céanna;

19. IS DÍOL SÁSAIMH DI seoladh thairseach ghréasáin Chathracha an Aontais, chomh maith lena comhtháthú beartaithe in ardán Chathracha an Aontais atá ar na bacáin, arb é is aidhm dó rochtain ar thionscnaimh an Aontais agus comhar idir cathracha a éascú, lena n-áirítear geallsealbhóirí forbartha uirbí agus ar leibhéal an Aontais;

20. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé tacaíocht fhadtéarmach a áirithiú don fhorbairt uirbeach chomhtháite, ag tógáil ar an méid a baineadh amach sa tréimhse reatha, mar a thuairiscítear i gClár Oibre an Aontais do chathracha.

21. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur comhpháirtithe fíor-riachtanacha iad cathracha i gceapadh beartas an Aontais agus gur cheart dóibh a bheith rannpháirteach, de réir mar is iomchuí, i bpróisis idirphlé, chomhairliúcháin agus chur chun feidhme leis na hInstitiúidí Eorpacha.